2022.M24T

2022L005A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Tíreolaíocht

## Cuid a hAon agus Freagarleabhar

## Ardleibhéal

Dé hAoine 10 Meitheamh    Maidin 9:30 - 12:20

320 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir, Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí do gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo.
Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit úsáid a bhaint as peann luaidhe i gcás sceitsí, graf agus léaráidí amháin.

Tá dhá chuid sa scrúdú seo. Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith, ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **CUID A hAON** | Ceisteanna Gearrfhreagra | **80 marc** |
| | Freagair **DEICH** gceist ar bith. | |
| | Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc. | |
| **CUID A DÓ** | Ceisteanna Struchtúrtha agus Aistí | **240 marc** |

Ní mór duit **TRÍ** cheist a fhreagairt. Ní ceadmhach duit gach ceann de na trí cheist a roghnú as an roinn chéanna. Féadfaidh tú dhá cheist a roghnú as an roinn chéanna más mian leat.

- Roinn 1 – **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2 – **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3 – **Toghaonaid** (Ceist 7-12)
- Roinn 4 – **Roghaonaid** (Ceist 13-24)

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.


**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Struchtúr an Domhain**




Curtha in oiriúint ó www.australianenvironmentaleducation.com

Scrúdaigh an léaráid thuas ina dtaispeántar cisil éagsúla an domhain agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de chisil an domhain a bhfuil na lipéid **A** go **F** orthu sa léaráid thuas, leis an téarma sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.

| Scair an Domhain | Litir |
|---|---|
| Astanaisféar | |
| An croí istigh | |
| Screamh aigéanach | |
| Litisféar | |
| Screamh ilchríochach | |
| An croí amuigh | |


(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas.

Is é atá sna fórsaí ingineacha ná na fórsaí a fheidhmítear taobh istigh den domhan.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[8m]**

**2.** **Éascadh**



Curtha in oiriúint ó www.geologycafe.com

Scrúdaigh na léaráidí thuas ina dtaispeántar cineálacha difriúla éisc. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na léaráidí **A**, **B**, agus **C** leis an gcineál éisc sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu le teannas, le comhbhrú nó le fiaradh is mó a luaitear na héisc atá ainmnithe sa tábla thíos.

| **C.2 (i)** | **An Cineál éisc** | **C.2 (ii)** | | |
|---|---|---|---|---|
| **Litir** | | **Teannas (✓)** | **Comhbhrú (✓)** | **Fiaradh (✓)** |
| | **Sracéasc / Éasc claochlúcháin** | | | |
| | **Gnáthéasc** | | | |
| | **Sá-éasc** | | | |

(iii) Ainmnigh tírghné **amháin** a fhoirmítear trí éascadh.

| |
|---|
| |

**[8m]**

**3. Oighriú**




Curtha in oiriúint ó © íomhánna le James Balog agus an Extreme Ice Survey

Sna fótagraif thuas taispeántar suíomh shoc Oighearshruth Stein ag **A** in 2006 agus ag **B** in 2015. Scrúdaigh na fótagraif agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) An ndeachaigh Oighearshruth Stein chun tosaigh nó ar gcúl idir 2006 agus 2015? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Chun tosaigh ☐ Ar gcúl ☐

(ii) Cé acu **ceann** de na próisis seo a leanas a chuireann soc oighearshrutha chun tosaigh? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Sracadh ☐
Leá ☐
Bailiú /Cruachadh ☐
Scríobchaitheamh ☐

(iii) Bhog soc Oighearshruth Stein 540 méadar idir 2006 agus 2015.
Ríomh meánráta bliantúil na gluaiseachta a rinne an soc, ina méadair, idir 2006 agus 2015.


| |
|---|
| |

(iv) Ainmnigh **dhá** thírghné a fhoirmítear de thoradh sil-leagan oighreach.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**[8m]**

## 4. Próisis Fhisiceacha




Scrúdaigh an sliocht as an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na gnéithe atá lipéadaithe mar **A** go **D** ar an léarscáil thuas leis an téarma sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.


| Litir | Téarma |
|---|---|
| | Poll séideáin |
| | Lúb |
| | V-ghleann |
| | Trá |

(ii) Ainmnigh an gréasán draenála is fearr a mheaitseálann an gréasán atá le feiceáil sa limistéar a bhfuil lipéad **E** air **agus** ainmnigh an gréasán draenála is fearr a mheaitseálann an gréasán atá le feiceáil sa limistéar a bhfuil lipéad **F** air.

| | |
|---|---|
| **E:** | |
| **F:** | |

**[8m]**

## 5. Tírdhreacha Carstacha




Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann limistéar faoi thalamh i dtírdhreach carstach agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh na gnéithe faoi thalamh atá lipéadaithe **A**, **B** agus **C** ar an léaráid thuas.

| Litir | Gné faoi thalamh |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Is é is síothlú ann ná gluaiseacht uisce síos trí charraig nó trí ithir. | ☐ | ☐ |
| Is é is abhainn athsceite ann ná abhainn a imíonn faoi thalamh. | ☐ | ☐ |

**[8m]**

6. **Léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an séadchomhartha ag S 226 248.

(ii) Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr do Stáisiún an Gharda i gCluain Meala.

(iii) Tomhais, ina chiliméadair, fad an bhóthair réigiúnaigh R688 ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil ag S 183 270 go dtí an áit a mbuaileann sé leis an N24 ag S 198 236.

(iv) Déan meastachán, ina chiliméadair chearnacha, ar achar na talún taobh ó thuaidh den N24.


**[8m]**

**7. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Aimsigh pointe **X**, S 140 200, agus pointe **Y**, S 260 200, ar an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.
Tá an dá phointe ar thuaidhlíne 20.

I bhFíor 1 taispeántar próifíl airde de thrasghearradh ar líne idir Pointe **X** agus Pointe **Y** ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

*Fíor 1: Próifíl Airde de Thrasghearradh ar líne idir Pointe **X** agus Pointe **Y***




Fad feadh na próifíle (ciliméadair)

Nóta: Níl an phróifíl airde seo ar an scála céanna le léarscáil na SO

Agus tú ag baint úsáid as an léarscáil 1:50 000 agus as an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus as an bpróifíl airde thuas, freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an abhainn a trasnaíonn an phróifíl ag **A**.

(ii) Cén t-ainm atá ar an raon rothaíochta atá suite ag **B**?

(iii) Cad é an talamhúsáid ag **C** thuas?


(iv) Ainmnigh bóthar réigiúnach **amháin** atá ar an limistéar den léarscáil a thaispeántar ar an bpróifíl airde.

**[8m]**

## 8. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chluain Meala a ghabhann leis an bpáipéar seo agus scrúdaigh an léarscáil thíos de na sráideanna ar a dtaispeántar cuid den limistéar atá le feiceáil san aerfótagraf.

Nóta: Tá treoshuíomh an aerfótagraif a ghabhann leis an bpáipéar seo difriúil le treoshuíomh na léarscáile thíos de na sráideanna.




Aimsigh gach ceann de na gnéithe a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C**, **D** agus **E** orthu thuas, ar an aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Bain úsáid as an nodaireacht aitheanta chun suíomh gach ceann de na gnéithe seo ar an aerfótagraf a thabhairt sa tábla thíos. Tá ceann amháin déanta duit.

| Gné ar Léarscáil na Sráideanna | Suíomh ar an Aerfótagraf |
|---|---|
| **A** Clós folamh | An Tulra láir |
| **B** Droichead | |
| **C** Séipéal | |
| **D** Páirc spórt | |
| **E** Ionad siopadóireachta | |

**[8m]**

**9.** **Réigiúin**


(i) Meaitseáil gach ceann de na cineálacha réigiúin seo leis an gcur síos sa tábla is fearr a mheaitseálann é.

**Imeallach** **Riarachán** **Cultúrtha** **Geomoirfeolaíoch**

| Cur síos ar an Réigiún | Cineál réigiúin |
|---|---|
| Réigiún in Éirinn ina bhfuil tírdhreach leithleach atá bunaithe ar chineál carraige, struchtúir nó rilífe. | |
| Réigiún in Éirinn ina bhfuil teanga, reiligiún agus/nó modh maireachtála sonrach ag na daoine. | |
| Réigiún san Eoraip a bhfuil teorainneacha sonracha air atá á bhainistiú ag údarás mar rialtas áitiúil. | |
| Réigiún níos boichte san Eoraip ina bhfuil tearcfhorbairt ar ghníomhaíochtaí geilleagracha. | |

(ii) Scrúdaigh gach ceann de na léarscáileanna thíos ar a dtaispeántar samplaí de chineálacha difriúla réigiúin.

Meaitseáil gach ceann de na léarscáileanna a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C** agus **D** leis an gcur síos sa tábla is fearr a mheaitseálann í.





| Cur síos ar an Réigiún | Sampla de réigiún |
|---|---|
| Réigiún in Éirinn ina bhfuil tírdhreach leithleach atá bunaithe ar chineál carraige, struchtúir nó rilífe. | |
| Réigiún in Éirinn ina bhfuil teanga shonrach i bpáirt ag na daoine. | |
| Réigiún san Eoraip a bhfuil teorainneacha sonracha air atá á bhainistiú ag údarás mar rialtas áitiúil. | |
| Réigiún níos boichte san Eoraip ina bhfuil tearcfhorbairt ar ghníomhaíochtaí geilleagracha. | |

**[8m]**

**10. Aimsir**

**Cairteacha Aimsire ó Dé Luain, 6 Meán Fómhair go dtí Dé Domhnaigh, 12 Meán Fómhair, 2021**





Curtha in oiriúint ó www.met.ie

Scrúdaigh na cairteacha aimsire thuas agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| (i) | Ba é 16.5 °C meánteocht an aeir sa limistéar a bhfuil **X** air idir 6 Meán Fómhair agus 12 Meán Fómhair. | ☐ | ☐ |
| (ii) | Bhí níos mó ná 25 uair de thaitneamh gréine carntha in iarthuaisceart na hÉireann idir 6 Meán Fómhair agus 12 Meán Fómhair. | ☐ | ☐ |
| (iii) | Ba sa limistéar a bhfuil **X** air a thit an leibhéal ab airde báisteach sa tír idir 6 Meán Fómhair agus 12 Meán Fómhair. | ☐ | ☐ |
| (iv) | Isihéilí a thugtar ar na línte ar léarscáil aimsire a cheanglaíonn limistéir chomh-ghrianmhaireachta. | ☐ | ☐ |

**[8m]**

**11. Léirmhíniú ar Staitisticí**




Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an bharrachairt thuas ina dtaispeántar an céatadán den talamh a bhí faoi fhoraoisí i dtíortha roghnaithe agus an meán san Aontas Eorpach (AE) in 2019. Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéad tír ina raibh an céatadán den talamh a bhí faoi fhoraoisí in 2019 níos airde ná meán an AE?

(ii) Ainmnigh tír **amháin** a raibh dhá oiread na talún faoi fhoraoisí inti in 2019 seachas mar a bhí sa Ghearmáin.

(iii) Ríomh an meánchéatadán den talamh a bhí faoi fhoraoisí in 2019 sna tíortha a thaispeántar ar an gcairt thuas.


(iv) Luaigh **dhá** bhuntáiste do thír as achar mór den talamh inti a bheith faoi fhoraoisí.

1.

2.

**[8m]**

**12. Léirmhíniú ar Ghrafaicí**




Curtha in oiriúint ón POS

Scrúdaigh an ghrafaic eolais thuas ina dtaispeántar an áit a raibh Éire rangaithe san Aontas Eorpach (AE) in 2019 i gcás na méadrachtaí seo a leanas: daonra, caiteachas poiblí ar chúram sláinte agus líon na gcéimithe san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM). Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén céatadán den OTI a chaith Éire ar chúram sláinte in 2019?

| |
|---|
| |

(ii) Cén tír a bhí rangaithe sa 27ú háit in dhá cheann de na méadrachtaí?

| |
|---|
| |

(iii) Ríomh an difríocht i líon na ndaoine idir an tír ab ísle agus an tír ab airde rangú i dtéarmaí an daonra.

| |
|---|
| |

(iv) Tá Éire rangaithe san áit is airde san AE i gcás líon na gcéimithe ETIM san aoisghrúpa 20 go 29. Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an rangú ard seo.

| |
|---|
| |
| |

**[8m]**


## Freagarleabhar do CHUID A DÓ

### Treoracha

Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith.

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua.  Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh.

Bain úsáid as an gcolún ar chlé chun gach cuid a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá ceithre leathanach de ghrafpháipéar ar fáil i gcúl an fhreagarleabhair seo.  Ar na leathanaigh ghrafpháipéir, tá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste ag bun an leathanaigh.

Ní gá duit na leathanaigh ar fad sa fhreagarleabhar seo a úsáid.  Mura mbíonn dóthain spáis agat sa fhreagarleabhar seo, is féidir leat breis páipéir nó grafpháipéir a iarraidh ar an bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.  Is ceadmhach agat peann luaidhe a úsáid i gcás sceitsí, graf agus léaráidí amháin.

Ceist

Ceist

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a hAon agus Freagarleabhar

Dé hAoine 10 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:20

2022. M24T

2022L005A4IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Tíreolaíocht

## Cuid a Dó

## Ardleibhéal

Dé hAoine 10 Meitheamh    Maidin 9:30 – 12:20

320 marc

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 240 MARC

Ní mór duit **TRÍ** cheist a fhreagairt. Ní ceadmhach duit gach ceann de na trí cheist a roghnú as an roinn chéanna. Féadfaidh tú dhá cheist a roghnú as an roinn chéanna más mian leat.

- Roinn 1 – **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2 – **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3 – **Toghaonaid** (Ceist 7-12)
- Roinn 4 – **Roghaonaid** (Ceist 13-24)

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR INA BHFUIL CUID A hAON***

**ROINN 1**
**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1

### 1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Cúrsa iomlán Abhainn na Siúire
- Limistéar talún atá os cionn 400 m
- Rian rothaíochta Rianta Rothaíochta Phort Láirge (*Waterford Cycling Trails*) ó S 148 180 go S 200 218
- Limistéar d'fhoraois bhuaircíneach ó thuaidh den Thuaidhlíne 24 agus siar ón Oirlíne 17.

**[20m]**

### 1B. Gníomhaíocht Theicteonach – Tírdhreach na hÉireann

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag gníomhaíocht theicteonach ar thírdhreach na hÉireann.

**[30m]**

### 1C. Idirghníomhaíocht an Duine le Timthriall na gCarraigeacha


Scrúdaigh conas a idirghníomhaíonn daoine le timthriall na gcarraigeacha, agus tú ag tagairt do cheann **amháin** acu seo a leanas:

- Mianadóireacht
- Eastóscadh ábhar foirgníochta
- Saothrú ola/gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**[30m]**

## Ceist 2

### 2A. Coigeartú go Bonnleibhéal




Curtha in oiriúint ó www.geologycafe.com

Scrúdaigh na léaráidí thuas ina dtaispeántar tírdhreach abhann roimh athnuachan agus i ndiaidh athnuachana. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh na tírghnéithe abhann atá lipéadaithe mar **A** agus **B** i bhFíor 1.

(ii) Ainmnigh tírghnéithe athnuachana na habhann atá lipéadaithe mar **C** agus **D** i bhFíor 2.

(iii) Ainmnigh **dhá** thírghné chósta a fhoirmítear de thoradh ar choigeartú go bonnleibhéal.

(iv) Mínigh go hachomair cúis **amháin** atá le hathnuachan abhann.

(v) Mínigh go hachomair cad a chiallaíonn *leathmhá.*

**[20m]**

### 2B. Próisis Dromchla

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Scrúdaigh an ról atá ag **próisis an chreimthe** i bhfoirmiú tírghné abhann **amháin** nó tírghné cósta **amháin** nó tírghné oighreach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**Nó**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar **na tosca a rialaíonn oibriú** próiseas ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**


### 2C. Carraigeacha Meiteamorfacha

Scrúdaigh foirmiú na gcarraigeacha meiteamorfacha, agus tú ag tagairt do shamplaí in Éirinn.

**[30m]**

## Ceist 3

### 3A. Teicteonaic Phlátaí




Curtha in oiriúint ó Google Earth

Réimse aoise screamh an Aigéin Atlantaigh ina mhilliúin de bhlianta

0 – 2.6 | 2.6 – 23 | 23 – 66 | 66 – 145 | 145 – 180 | Scairbh Ilchríochach | Droim an Atlantaigh Láir

Scrúdaigh an íomhá thuas ina dtaispeántar teorainn phlátaí in Aigéan an Atlantaigh Thuaidh agus an aois atá ag screamh an aigéin sa limistéar sin. Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de na plátaí teicteonacha atá lipéadaithe **A** agus **B**.

(ii) Ainmnigh an tír, a bhfuil lipéad **C** uirthi, atá suite ar feadh Dhroim an Atlantaigh Láir.

(iii) Luaigh réimse aoise screamh an aigéin ag gach ceann de na suímh atá lipéadaithe **D** agus **E**.

(iv) Cén cineál bruthcharraige is coitianta a fhoirmítear ar feadh dromanna láraigéin?

(v) Mínigh go hachomair an fáth a bhfuil screamh an aigéin ag **E** níos ársa ná screamh an aigéin ag **D**.

(vi) Mínigh go hachomair cad a chiallaíonn an téarma *líne Moho*.

**[20m]**

### 3B. Síonchaitheamh

Mínigh ról na teochta i bpróiseas/bpróisis an tsíonchaithimh fhisicigh/mheicniúil.

**[30m]**

### 3C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

'Bíonn tionchar ag gníomhaíocht an duine ar phróisis dromchla.'

Scrúdaigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Tionchar dambaí ar phróisis abhann
- Tionchar obair chosanta cósta ar phróisis chósta
- Tionchar ghníomhaíocht an duine ar ollghluaiseacht.

**[30m]**

## ROINN 2
## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 4

### 4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil imchrutha d'**Éirinn**.

Taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas uirthi:

- An t-imchruth de réigiún ainmnithe **amháin**
- An t-imchruth de ghné rilífe ainmnithe (talamh ard nó íseal) laistigh den réigiún sin
- Lárionad uirbeach ainmnithe **amháin** sa réigiún sin
- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún sin.

**[20m]**

### 4B. Dinimic Réigiún – Iompar

Scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le cúrsaí iompair i bhforbairt an gheilleagair in **dhá** réigiún chontrártha ar bith **san Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn), a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**


### 4C. Coincheap Réigiúin

Scrúdaigh an dóigh ar féidir úsáid a bhaint as cultúr **nó** as aeráid chun réigiúin a shainmhíniú. Bíodh tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

## Ceist 5

### 5A. An Talmhaíocht san Aontas Eorpach




Scrúdaigh an bharrachairt thuas ina dtaispeántar líon an eallaigh, na muc agus na gcaorach i dtíortha roghnaithe den Aontas Eorpach in 2019 agus in 2020, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén t-ainmhí ab airde líon sa Ghréig in 2019?

(ii) Ainmnigh **dhá** thír ar an gcairt thuas a raibh níos mó ná 2 mhilliún muc iontu in 2019.

(iii) Cén tír ar an gcairt thuas a raibh níos mó ná 6 mhilliún de gach cineál beostoic inti in 2020?

(iv) An méadú nó laghdú a tháinig ar líon na muc san Ísiltír idir 2019 agus 2020?

(v) Ainmnigh polasaí **amháin** ar leith de chuid an Aontais Eorpaigh a mbíonn tionchar aige ar fhorbairt na talmhaíochta.

(vi) Mínigh go hachomair sochar **amháin** d'Éirinn a eiríonn as líon mór eallaigh bheith inti.

(vii) Mínigh go hachomair fadhb **amháin** don chomhshaol a bhaineann le líon mór beostoic.

**[20m]**

### 5B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach – Réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach

Scrúdaigh an dóigh a raibh tionchar ag **dhá** thoisc ar bith ar fhorbairt gníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-Ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

### 5C. Dinimic Daonra

Tabhair míniú ar dháileadh an daonra ar fud réigiúin san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 6

### 6A. An tOideachas i dTíortha san Eoraip

An Céatadán den aoisghrúpa 25-34 bliain a raibh Oideachas Tríú Leibhéal orthu i dTíortha Roghnaithe den AE in 2012, 2016 agus 2020

| | 2012 | 2016 | 2020 |
|---|---|---|---|
| **An meán san AE** | 34.1 | 36.8 | 40.5 |
| **An Ghearmáin** | 28.9 | 30.5 | 35.1 |
| **Éire** | 50.3 | 54.3 | 58.4 |
| **An Spáinn** | 40.4 | 41.0 | 47.4 |
| **An Fhrainc** | 42.6 | 44.2 | 49.4 |
| **An Iodáil** | 22.5 | 25.6 | 28.9 |
| **An Liotuáin** | 48.6 | 54.9 | 56.2 |
| **An Ungáir** | 30.5 | 30.4 | 30.7 |
| **An Ísiltír** | 41.4 | 45.2 | 52.3 |

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar an céatadán den aoisghrúpa 25-34 bliain a raibh oideachas tríú leibhéal orthu i dtíortha roghnaithe den AE i mblianta roghnaithe.
Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén céatadán den aoisghrúpa 25-34 bliain san Ungáir a raibh oideachas tríú leibhéal orthu in 2016?

(ii) Cén tír ina raibh an céatadán ab ísle den aoisghrúpa 25-34 bliain a raibh oideachas tríú leibhéal orthu in 2012?

(iii) Liostaigh **dhá** thír ina raibh an céatadán den aoisghrúpa 25-34 bliain a raibh oideachas tríú leibhéal orthu in 2020 níos airde ná an meán san AE in 2020.

(iv) An ardú **nó** laghdú a tháinig ar an gcéatadán den aoisghrúpa 25-34 bliain a raibh oideachas tríú leibhéal orthu i ngach ceann de na tíortha atá liostaithe idir 2012 agus 2020?

(v) Ríomh an difríocht a bhí idir an tír ina raibh an céatadán ab airde den aoisghrúpa 25-34 bliain a raibh oideachas tríú leibhéal orthu in 2020 agus an tír ina raibh an céatadán ab ísle.

(vi) Ainmnigh institiúid tríú leibhéal **amháin** in Éirinn ina bhfaigheann mic léinn oideachas treasach.

(vii) Mínigh go hachomair sochar **amháin** do réigiún a bhaineann le líon mór daoine a bheith ann a bhfuil oideachas tríú leibhéal orthu.

**[20m]**

**6B. An Talmhaíocht in Éirinn**

Tabhair cúiseanna le forbairt na talmhaíochta i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air, agus bíodh tagairt agat do **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas:

- Rilíf
- Aeráid
- Margaí.

**[30m]**

**6C. Réigiúin Shocheacnamaíocha**

Scrúdaigh na cúiseanna **agus** na hiarmhairtí a bhaineann le meath na tionsclaíochta agus tú ag tagairt do réigiún/réigiúin a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

### 7A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Cúrsa iomlán bhóthar an N24
- Cúrsa iomlán an iarnróid
- Oifig phoist
- Carrchlós.

**[20m]**

### 7B. Cuideachta Ilnáisiúnta

Agus tú ag tagairt do chuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas:

- Foinsiú amhábhar agus comhpháirteanna
- Suíomh na n-aonad próiseála
- Suíomh na margaí.

**[30m]**

### 7C. Forbairt Inbhuanaithe

Scrúdaigh an dóigh ar féidir gníomhaíochtaí eacnamaíochta a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe d’fhonn a dtionchar ar an gcomhshaol a rialú.

**[30m]**

## Ceist 8

### 8A. Trádáil na hÉireann

Na Comhpháirtithe Easpórtála is mó ag Éirinn in 2020

| **Comhpháirtí Easpórtála** | **Luach iomlán Easpórtálacha (€billiúin)** |
|---|---|
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 51 |
| An Bheilg | 18 |
| An Ghearmáin | 18 |
| An Ríocht Aontaithe | 15 |
| An tSín | 10 |
| An Ísiltír | 9 |

Curtha in oiriúint ón POS

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar na comhpháirtithe easpórtála is mó a bhí ag Éirinn in 2020 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair cad a chiallaíonn an téarma *comhardú na n-íocaíochtaí*.

**[20m]**

### 8B. Domhandú

Scrúdaigh an dóigh a dtéann an domhandú i gcion ar gheilleagar **amháin** i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

### 8C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach

Agus tú ag úsáid fianaise ón léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis de Chluain Meala a ghabhann leis an bpáipéar seo, pléigh an acmhainneacht le haghaidh fhorbairt na turasóireachta sa limistéar a thaispeántar ar an léarscáil. Bíodh tagairt agat do **gach ceann** díobh seo a leanas:

- Inrochtaineacht
- Seirbhísí (seachas iompar)
- Nithe is díol spéise.

**[30m]**

## Ceist 9

### 9A. Tomhas na Forbartha

Sonraí as an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) do Thíortha Roghnaithe

| Réigiún | IFD 1990 | IFD 2019 | Ionchas saoil tráth na breithe (blianta) 2019 | An meánlíon de bhlianta scolaíochta 2019 |
|---|---|---|---|---|
| An Iorua | 0.849 | 0.957 | 82.4 | 12.9 |
| Éire | 0.773 | 0.955 | 82.3 | 12.7 |
| An Astráil | 0.871 | 0.944 | 83.4 | 12.7 |
| SAM | 0.865 | 0.926 | 78.9 | 13.4 |
| An Bholaiv | 0.551 | 0.718 | 71.5 | 9.0 |
| Vítneam | 0.483 | 0.704 | 75.4 | 8.3 |
| Camarún | 0.448 | 0.563 | 59.3 | 6.3 |
| An Nígir | 0.220 | 0.394 | 62.4 | 2.1 |

Curtha in oiriúint ó www.hdr.undp.org

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) agus táscairí forbartha do thíortha roghnaithe, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tír ina raibh an t-ionchas saoil ab fhaide tráth na breithe in 2019?

(ii) Cén tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) a bhí ann don Bholaiv i 1990?

(iii) Cén meánlíon de bhlianta scolaíochta a bhí ag an gCamarún in 2019?

(iv) Cé acu tír, Éire nó Vítneam, ba mhó méadú san IFD inti idir 1990 agus 2019?

(v) Mínigh go hachomair fáth **amháin** a bhfuil an t-ionchas saoil níos ísle i dtíortha áirithe ná mar atá sé i dtíortha eile.

(vi) Dhá thoisc iad an t-ionchas saoil agus meánlíon na mblianta scolaíochta a mbaintear úsáid astu chun an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna a ríomh. Ainmnigh toisc eile.

(vii) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann leis an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna a úsáid chun forbairt gheilleagrach a thomhas.

**[20m]**

### 9B. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha

Scrúdaigh an tionchar atá ag **dhá** cheann díobh seo a leanas ar fhorbairt na dtionscal gan chuing **nó** ar fhorbairt seirbhísí airgeadais **nó** ar fhorbairt na hollturasóireachta i ngeilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Tosca fisiceacha
- Tosca daonna
- Tosca polaitiúla.

**[30m]**

### 9C. Polasaí an Aontais Eorpaigh

Scrúdaigh an dóigh a dtéann polasaithe éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceisteanna 10 go 12**

## Ceist 10

### 10A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chluain Meala a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an tsracléarscáil, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Dhá shráid a bhuaileann le chéile
- Limistéar de thalamhúsáid fóillíochta
- Limistéar de thalamhúsáid eaglasta
- Limistéar de thalamhúsáid chónaithe.

**[20m]**

### 10B. Imirce

'Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí daonra ar réigiúin bhronntacha agus ar réigiúin ghlactha.'

Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Polasaí imirce san Aontas Eorpach
- Imirce ón tuath go ceantair uirbeacha i dtíortha atá i mbéal forbartha.

**[30m]**

### 10C. Teoiric an Lárionaid

Tabhair cur síos agus míniú ar Theoiric an Lárionaid agus tú ag tagairt do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

## Ceist 11

### 11A. Dlús Daonra

An Daonra iomlán, achar iomlán na talún agus dlús an daonra
i dTíortha Roghnaithe in 2020

| Tír | An Daonra iomlán | An t-achar iomlán (ina km²) | Dlús an Daonra (daoine per km²) |
|---|---|---|---|
| An Bheilg | 11,549,000 | 30,510 | 378.5 |
| An Bhulgáir | 6,951,000 | 93,030 | 74.7 |
| An Chróit | 4,058,000 | 56,594 | 71.7 |
| An Ghearmáin | 83,166,000 | 357,386 | 232.7 |
| An Íoslainn | 364,000 | 102,775 | 3.5 |
| Éire | 4,963,000 | 70,273 | **X** |
| An Iodáil | 60,244,000 | 301,338 | 199.9 |
| An Ísiltír | 17,407,000 | 41,198 | 422.5 |
| An Spáinn | 47,330,000 | 498,511 | 94.9 |

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar an daonra iomlán, achar iomlán na talún agus dlús an daonra i dtíortha roghnaithe in 2020. Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cad é an dlús daonra, ina dhaoine per km$^2$, a bhí san Iodáil in 2020?

(ii) Cén tír ina raibh an daonra ab ísle in 2020?

(iii) Cén tír ina bhfuil an t-achar iomlán talún is mó?

(iv) Cé mhéad tír a bhfuil achar iomlán na talún iontu níos lú ná Éire?

(v) Ríomh **X**, dlús an daonra, ina dhaoine per km$^2$, in Éirinn in 2020.

(vi) Mínigh go hachomair **dhá** chúis a mbíonn dlús an daonra íseal i limistéir áirithe.

**[20m]**

### 11B. Athrú ar Fheidhmeanna Uirbeacha

Scrúdaigh an dóigh a bhféadfadh athrú teacht ar fheidhmeanna na n-ionad uirbeach le himeacht aimsire. Bíodh tagairt agat do shampla(í) in Éirinn.

**[30m]**

### 11C. Tréithe Daonra – Éire

Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh ar athraigh tréithe an daonra in Éirinn ó na 1950idí anall.

**[30m]**

## Ceist 12

### 12A. Daonra

An Céatadán den Daonra a bhí os cionn 65 bliain d'aois, de réir Ilchríche in 2018

| Ilchríoch | % den daonra os cionn 65 bliain d'aois |
|---|---|
| Meiriceá Thuaidh | 15 |
| Meiriceá Laidineach | 8 |
| An Afraic | 3 |
| An Eoraip | 18 |
| An Áise | 8 |
| An Aigéine | 12 |

Curtha in oiriúint ó www.visualcapitalist.com

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar an céatadán de na daoine a bhí os cionn 65 bliain d'aois i ngach ilchríoch in 2018, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf a bheadh oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** a bhíonn roimh thíortha ina bhfuil líon mór daoine os cionn 65 bliain d'aois.

**[20m]**

### 12B. Uirbeachas sa Todhchaí

Pléigh **dhá** cheist a bheidh roimh chathracha sa domhan forbartha sa todhchaí.

**[30m]**

### 12C. Dáileadh Lonnaíochta

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis de Chluain Meala a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Agus fianaise ón léarscáil á húsáid agat, tabhair míniú ar an éagsúlacht i ndáileadh na lonnaíochta sna limistéir atá taobh ó thuaidh agus taobh ó dheas den Tuaidhlíne 21.

**[30m]**

## ROINN 4

## ROGHAONAID

## Ceist 13 go 24

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**13.** 'Is bealach é cumasú daoine chun fás geilleagrach a nascadh le forbairt an duine.'

Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do phatrúin in úinéireacht na talún agus a dtionchar ar an bhforbairt.

**[80m]**

**14.** Scrúdaigh an dóigh ar féidir le cinntí sóisialta agus/nó cinntí polaitiúla dul i bhfeidhm ar gach ceann díobh seo a leanas:

- Dídeanaithe eacnamaíochta agus polaitíochta
- Ceisteanna faoi chearta an duine.

**[80m]**

**15.** Scrúdaigh an fhorbairt inbhuanaithe mar shamhail den fhorbairt sa todhchaí.

**[80m]**

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**16.** Mínigh an dóigh a dtéann airíonna ithreach i bhfeidhm ar fhorbairt ithreach.

**[80m]**

**17.** Agus tú ag tagairt do bhithóm **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air, tabhair fáthanna leis an gcineál aeráide atá sa bhithóm seo agus mínigh an dóigh a dtéann an aeráid seo i bhfeidhm ar na hithreacha agus ar an bhfásra sa bhithóm.

**[80m]**

**18.** Scrúdaigh an dóigh a dtéann fairsingiú fásaigh **agus** caomhnú i bhfeidhm ar an ithir.

**[80m]**

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**19.** Scrúdaigh tábhacht an reiligiúin mar tháscaire cultúir.

**[80m]**

**20.** Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag teorainneacha polaitiúla agus/nó fisiceacha ar ghrúpaí cultúir.

**[80m]**

**21.** 'Tá a lán tosca ilchineálacha ann a shainmhíníonn féiniúlacht chultúrtha.'
Scrúdaigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do chás-staidéar ar réigiún san Eoraip a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

## Comhshaol an Atmaisféir agus na nAigéan

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**22.** 'Bíonn tionchar ag tréithe aeráide ar an bhforbairt gheilleagrach.'

Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do gach ceann díobh seo a leanas:

- Talmhaíocht
- Triomach agus fairsingiú fásaigh
- Turasóireacht.

**[80m]**

**23.** Déan plé ar fhoirmiú gach ceann díobh seo a leanas **agus** déan plé ar an dóigh a dtéann sé i bhfeidhm ar phatrúin na haimsire:

- Lagraigh sna domhanleithid láir
- Frithchioclóin
- Leoithní gaoithe ar tír agus ar muir.

**[80m]**

**24.** Athraíonn tréithe aeráide le himeacht spáis agus ama.
Déan é sin a phlé.

**[80m]**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

**Fógra cóipcheart**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) *den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a Dó

Dé hAoine 10 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12.20